

SAINORDÚ AN CHOISTE INIÚCHÓIREACHTA

Déanann Coiste Iniúcháireachta ardleibhéal – arna bhunú ag an gComhairle Rialaithe de bhun Airteagal 9b de Rialacha Nós Imeachta an Bhainc Ceannais Eorpaigh (BCE) – sraitheanna inmheánacha/seachtracha rialaithe atá i bhfeidhm cheana féin a neartú agus cuireann sé feabhas níos mó ar rialachas corparáideach BCE, ag cumhdach feidhmeanna na baincéireachta ceannais agus na maoirseachta baincéireachta araon, an Sásra Maoirseachta Aonair (SSM) agus an Eurochóras.

1. Cuspóir agus raon feidhme an Choiste Iniúcháireachta

Cuideoidh an Coiste Iniúcháireachta leis an gComhairle Rialaithe maidir lena freagrachtaí i ndáil le feidhmiú thascanna agus ghníomhaíochtaí BCE/an Eurochórais faoi Reachta an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais (CEBC) agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh agus faoi Rialachán SMA¹, trí chomhairle agus/nó tuairimí a thabhairt maidir le:

- a) ionracas na faisnéise airgeadais;
- b) formhaoirseacht ar na rialuithe inmheánacha;
- c) comhlíonadh na ndlíthe, na rialachán agus na gcód iompair is infheidhme;
- d) feidhmíocht na bhfeidhmeanna iniúcháireachta.

2. Freagrachtaí

2.1 Ionracas na faisnéise airgeadais

Déanfaidh an Coiste Iniúcháireachta measúnú ar leordhóthanacht agus éifeachtúlacht na bpróiseas ba bhunús le bunú ráiteas airgeadais BCE agus ar leordhóthanacht fhoriomlán na neamhchosaintí lena mbaineann. Chun na críche seo, déanfaidh an Coiste Iniúcháireachta an méid a leanas:

- a) athbhreithniú ar na ráitis airgeadais bhliantúla sula bhformheasann an Chomhairle Rialaithe iad;
- b) na tuarascálacha iniúcháireachta lena mbaineann (lena n-áirítear an litir bhainistíochta), chomh maith le haon deacracht a bhí ann le linn na hiniúcháireachta agus/nó aon easaontú suntasach leis an lucht bainistíochta a phlé leis na hiniúcháirí inmheánacha agus seachtracha agus bainistíocht BCE;
- c) ráiteas a fháil ó na hiniúcháirí seachtracha a dheimhníonn gur tarraingíodh na ráitis airgeadais suas i gcomhréir le rialacha cuntasáochta formheasta agus go ndearnadh iniúchadh ceart orthu;

¹ Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2013 lena dtugtar cúraimí sonracha don Bhanc Ceannais Eorpach maidir le beartais a bhaineann le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa (IO L 287, 29.10.2013, lch. 63).

- d) comhairle a chur ar an gComhairle Rialaithe maidir le formheas na ráiteas airgeadais.

Ina theannta sin, déanfaidh an Coiste Iniúcháireachta athbhreithniú ar aon saincheist chuntasaíochta/airgeadais Eurochórais shuntasach a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do ráitis airgeadais BCE.

2.2 Formhaoirseacht ar na rialuithe inmheánacha

Déanfaidh an Coiste Iniúcháireachta measúnú ar éifeachtacht agus leordhóthanacht fhoriomlán na gcreat rialaithe inmheánaigh agus bainistíochta riosca agus tabharfaidh siad a dtuairim don Chomhairle Rialaithe maidir leo. Chun na críche seo, déanfaidh an Coiste Iniúcháireachta an méid a leanas:

- a) measúnú ar na creataí um oibriú agus bainistíocht riosca airgeadais (lena n-áirítear rioscaí a bhaineann leis an athrú aeráide a ionchorprú) agus próisis lena mbaineann;
- b) na tuarascálacha lena mbaineann agus, go háirithe, na neamhchosaintí móra ar rioscaí oibríochtúla, airgeadais agus clú a phlé leis na hiniúcháirí agus na bainisteoirí riosca inmheánacha agus seachtracha;
- c) breithniú ar leordhóthanacht agus amlínte na mbeart a glacadh chun monatóireacht agus rialú a dhéanamh ar neamhchosaintí den sórt sin agus, níos ginearálta, a chinntiú go bhfaigheann na moltaí agus na himní an aird cheart;
- d) measúnú a dhéanamh ar na creataí maidir le sceithireacht agus cosaint sceithire i gcoinne díoltais agus próisis bhainteacha;
- e) moltaí a chur le chéile, de réir mar is iomchuí, agus dá réir sin tacú le timpeallacht ina gcothaítear sláine, cultúr ina "labhraítear amach" agus ina bhfuil rialú.

2.3 Comhlíonadh na ndlíthe, na rialachán agus na gcód iompair is infheidhme

Déanfaidh an Coiste Iniúcháireachta measúnú ar leordhóthanacht fhoriomlán na gcreataí comhlíontachta agus ar éifeachtúlacht na bpróiseas maidir le faireachán ar chomhlíonadh, agus tabharfaidh siad a dtuairim don Chomhairle Rialaithe maidir leo. Chun na críche seo, déanfaidh an Coiste Iniúcháireachta an méid a leanas:

- a) athbhreithniú ar an gcreat um chomhlíonadh agus na próisis fhaireacháin lena mbaineann;
- b) na tuarascálacha lena mbaineann agus, go háirithe, ceisteanna comhlíontachta a d'fhéadfadh tionchar suntasach airgeadais agus/nó clú a bheith acu a phlé le hiniúcháirí inmheánacha agus seachtracha, leis an Ard-Abhcóide, leis an bPríomhoifigeach um Chomhlíonadh agus Rialachas agus, de réir mar a bheidh, Cathaoirleach an Choiste Eitice agus cathaoirligh choistí an Eurochórais/BCE;
- c) beidh siad ar an eolas maidir le mórimeachtaí agus/nó cásanna neamh-chomhlíonta agus déanfaidh siad measúnú ar leordhóthanacht agus amlínte na mbeart arna nglacadh dá dtoradh;
- d) moltaí a chur le chéile, de réir mar is iomchuí, agus dá réir sin tacú le imeallacht ina gcothaítear

sláine agus dea-rialachas.

2.4 Feidhmeanna iniúchóireachta

Déanfaidh an Coiste Iniúchóireachta measúnú ar éifeachtacht agus leordhóthanacht na bhfeidhmeanna iniúchóireachta. Chun na críche seo, déanfaidh an Coiste Iniúchóireachta an méid a leanas:

- a) athbhreithniú ar [Shainordú Choiste na nIniúcháirí Inmheánacha agus ar an gCairt Iniúchóireachta don Eurochóras/CEBC agus don Sásra Aonair Maoirseachta](#);
- b) agus a thuairim a thabhairt ina leith sula gcuirfear an Chairt chuig an gComhairle Rialaithe lena fhorghnóthas;
- c) athbhreithniú ar [Chairt Sainordaithe agus Iniúchóireachta BCE](#);
- d) agus a thuairim a thabhairt ina leith sula gcuirfear an t-áireamh chuig an mBord Feidhmiúcháin lena fhorghnóthas;
- e) athbhreithniú ar phlean iniúchóireachta Choiste na nIniúcháirí Inmheánacha agus ar leasuithe ábhartha an Choiste ar an t-áireamh ina dhiaidh sin agus a thuairim a thabhairt ina leith sula gcuirfear an t-áireamh chuig an gComhairle Rialaithe lena fhorghnóthas;
- f) athbhreithniú ar phlean iniúchóireachta Stiúrtóireacht BCE um Iniúchóireacht Inmheánach agus ar leasuithe ábhartha na Stiúrtóireachta ar an t-áireamh ina dhiaidh sin agus a thuairim a thabhairt ina leith sula gcuirfear an t-áireamh chuig an mBord Feidhmiúcháin lena fhorghnóthas;
- g) measúnú ar fheidhmíocht na bhfeidhmeanna iniúchóireachta inmheánaí agus tuairim a thabhairt maidir leo;
- h) athbhreithniú ar chlár um dhearbhu cáilíochta agus feabhsúcháin na bhfeidhmeanna iniúchóireachta inmheánaí, lena n-áirítear a gcomhlíontacht le gnéithe éigeantacha Chreat um Chleachtais Ghairmiúla Idirnáisiúnta Institiúid na nIniúcháirí Inmheánacha;
- i) measúnú ar fheidhmíocht iniúcháirí seachtracha BCE agus a chinntiú go bhfeidhmíonn siad i gcomhréir leis na caighdeáin ghairmiúla iomchuí is infheidhme;
- j) aon saincheist a thabhairt ar aird don Chomhairle Rialaithe, a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh d'oibriú éifeachtach na bhfeidhmeanna iniúchóireachta, lena n-áirítear a neamhspleáchas, a rochtain rúnda agus dhíreach ar a gcomhlacht cinnteoireachta faoi seach, ar an bhfoireann agus ar fhaisnéis, agus ar acmhainní leordhóthanacha;
- k) beidh siad ar an eolas maidir le ceapachán nó baint Stiúrtóir Iniúchóireachta Inmheánaí BCE ón bpost sin;
- l) comhairle a chur ar an gComhairle Rialaithe maidir le ceapadh iniúcháirí seachtracha an Eurochórais.

2.5 Freagrachtaí eile

Anuas ar na freagrachtaí thuasluaite, féadfaidh an Coiste Iniúchóireachta:

- a) feidhmeanna eile a dhéanamh a bhaineann leis an sainordú seo, má iarrann an Chomhairle Rialaithe air sin a dhéanamh;
- b) molfaidh siad go gcuirfidh an Bord Feidhmiúcháin de chúram ar an Stiúrtóireacht Iniúcháireachta Inmheánaí, agus/nó aon fheidhm eile lena mbaineann, saincheisteanna sonracha a thagann faoi raon feidhme freagrachtaí an Choiste Iniúcháireachta.

3. Rochtain ar fhoireann, faisnéis agus comhairle sheachtrach

Beidh rochtain gan srian ag an gCoiste Iniúcháireachta ar chomhaltaí bainistíochta agus foirne agus ar aon doiciméad agus faisnéis a mheasann sé a bheith de dhíth chun a fhreagrachtaí a chomhlíonadh go leordhóthanach, mar a áirítear sa sainordú seo.

Go háirithe, féadfaidh an Coiste Iniúcháireachta seisiúin phríobháideacha a reáchtáil – gan an comhalta de Bhord Feidhmiúcháin BCE a bheith i láthair – le Stiúrtóir Iniúcháireachta Inmheánaí BCE, Cathaoirleach Choiste na nIniúcháirí Inmheánacha nó iniúcháirí seachtracha BCE, dá thionscnamh féin nó ar iarratas uathu. Thairis sin, tiocfaidh an Coiste Iniúcháireachta le chéile ar bhonn tráthrialta le ceannasaithe na bhfeidhmeanna oibriúcháin agus bainistíochta riosca airgeadais agus, de réir mar a bheidh, leis an Ard-Abhcóide agus leis an bPríomhoifigeach um Chomhlíonadh agus Rialachas, nó aon chomhaltaí eile den fhoireann bainistíochta a mheasann sé is gá casadh leo chun a fhreagrachtaí a chomhlíonadh go leordhóthanach.

Gheobhaidh an Coiste Iniúcháireachta go córasach achoimrí feidhmiúcháin ar na tuarascálacha iniúcháireachta; cuirfear na tuarascálacha iomlána ar fáil ar iarratas.

Ina theannta sin, gheobhaidh an Coiste Iniúcháireachta, an tráth céanna a tharchuirtear chuig an gComhairle Rialaithe iad: (i) tuairim iniúcháireachta bhliantúil maidir le ráitis airgeadais BCE; (ii) litir bhainistíochta iniúcháirí seachtracha BCE, mar aon le freagra an Bhoird Feidhmiúcháin; (iii) réamhthuarascáil bhreathnóireachta Chúirt Iniúcháirí na hEorpa (ECA)², mar aon le freagra an Bhoird Feidhmiúcháin; agus (iv) réamhchóip de thuarascáil phoiblí Chúirt Iniúcháirí na hEorpa sula bhfoilseofar í.

Thairis sin, gheobhaidh an Coiste Iniúcháireachta tuarascálacha ina dtugtar aghaidh ar shaincheisteanna tábhachtacha a bhaineann le smacht de chineál riosca airgeadais agus/nó oibriúcháin, chomh maith le tuarascálacha ginearálta maidir le cúrsaí comhlíontachta le dlíthe, rialacháin agus cóid iompair is infheidhme agus/nó tuarascálacha sonracha maidir le mórchásanna neamh-chomhlíonta.

4. Tuairisciú

Tuairisceoidh an Coiste Iniúcháireachta go bliantúil chuig an gComhairle Rialaithe maidir leis an obair a rinne sé le linn na bliana roimhe. Trína dhéanamh sin, soláthróidh an Coiste Iniúcháireachta measúnú don Chomhairle Rialaithe ar éifeachtúlacht na gcreataí rialaithe foriomlána agus cuirfidh sé a mholtaí le chéile, de réir mar is iomchuí. Anuas air sin, tuairisceoidh an Coiste Iniúcháireachta don Chomhairle Rialaithe pé

² Airteagal 27.2 de Reacht CEBC.

uair a mheasann sé iomchuí agus/nó is gá sin a dhéanamh chun a fhreagrachtaí a chur i gcrích.

5. Comhdhéanamh an Choiste Iniúcháireachta

Beidh an Coiste Iniúcháireachta comhdhéanta de suas le seisear comhaltaí: Leasuachtarán BCE, beirt ghobharnóirí sinsearacha ar bhainc cheannais náisiúnta den limistéar euro (a mbeidh ar a laghad duine díobh ó bhanc ceannais náisiúnta den limistéar euro le freagracht mhaoirseachta) agus suas le triúr comhaltaí seachtracha.

Roghnófar na comhaltaí seachtracha as measc oifigigh ardchéimiúla a bhfuil taithí acu ar bhaincéireacht cheannais, maoirseacht ar bhaincéireacht agus/nó cúrsaí airgeadais, chomh maith le saineolaithe aitheanta ón lucht acadúil agus/nó an ghairm iniúcháireachta, ar choinníoll nach mbíonn poist acu san earnáil airgeadais go comhuaineach. Roghnófar comhalta seachtrach amháin ar a laghad, trí bhíthin glao poiblí ar léirithe spéise, as measc daoine aonair nach raibh poist acu roimhe sin san Eurochóras.

Cé is moite de Leasuachtarán BCE, a bheidh ina chomhalta den Choiste Iniúcháireachta ex officio, ceapfaidh an Chomhairle Rialaithe na comhaltaí eile ar feadh tréimhse 3 bliana, a bheidh in-athnuaithe uair amháin. Togfaidh an Coiste Iniúcháireachta Cathaoirleach as measc a chomhaltaí (ní bheidh Leasuachtarán BCE incháilithe).

Beidh comhaltaí seachtracha an Choiste Iniúcháireachta i dteideal táille choinneála bhliantúil a fháil agus luach saothair per diem as gach lá a thionólann an Coiste. Leagfaidh an Chomhairle Rialaithe amach méid an luacha saothair.

6. Rúndacht agus an Cód Iompair

Ní nochtfaidh comhaltaí an Choiste Iniúcháireachta chuig daoine neamhúdraithe aon fhaisnéis de chineál rúnda a thagann chucu le linn fheidhmiú a ndualgais agus fanfaidh siad faoi réir na gceanglas rúndachta gairmiúil arna leagan síos in Airteagal 37 de Reacht CEBC fiú tar éis dheireadh a ndualgas.

Go ginearálta, nuair atá a ndualgais á gcomhlíonadh acu, cloífidh comhaltaí an Choiste Iniúcháireachta leis na prionsabail arna leagan síos i gcreat eitice BCE, i.e. an Cód Iompair aonair³, ina ndéantar tagairt shoiléir do fhreagracht chomhaltaí as sláine agus cáil an Eurochórais a chosaint.

Is doiciméid BCE iad doiciméid arna dtarraingt suas nó arna gcoinneáil ag comhaltaí den Choiste Iniúcháireachta i ndáil le gníomhaíochtaí an Choiste agus dá bhrí sin aicmeofar iad agus láimhseálfar iad i gcomhréir le hAirteagal 23.3 de Rialacha Nós Imeachta an Bhainc Ceannais Eorpaigh.

7. Neamhspleáchas chomhaltaí an Choiste Iniúcháireachta

Nuair a bheidh a bhfreagrachtaí á gcomhlíonadh ag comhaltaí an Choiste Iniúcháireachta faoin sainordú seo, feidhmeoidh siad go neamhspleách agus ní lorgóidh ná ní ghlacfaidh siad le treoracha ó aon duine nó comhlacht laistigh de BCE, ná ó aon institiúid lasmuigh de BCE, SMA agus den Eurochóras. Beidh meas ag

³ Cód Iompair le haghaidh oifigigh ardleibhéil BCE, (IO C 478, 16.12.2022, lch. 3).

daoine, comhlachtaí agus institiúidí dá ndéanann sainchúram an Choiste Iniúcháireachta difear ar an neamhspleáchas sin.

Staonfaidh comhaltaí an Choiste Iniúcháireachta ó pháirt a ghlacadh i bpléití i gcásanna coinbhleacht leasa, fiú más coinbhleacht braite nó féideartha atá ann.

Síneoidh comhaltaí seachtracha Dearbhú um Iompar Eiticiúil agus Dearbhú leasanna poiblí a thugann le fios aon leas díreach nó indíreach a bhféadfaí a mheas go bhfuil siad dochrach dá neamhspleáchas nó nach bhfuil aon leas den sórt sin ann.

8. Teorainneacha ar ról an Choiste Iniúcháireachta

Beidh na freagrachtaí comhairleacha agus maoirseachta a leagtar amach sa sainordú seo ag an gCoiste Iniúcháireachta. Ní bheidh sé de dhualgas ná de fhreagracht ar an gCoiste Iniúcháireachta athbhreithnithe iniúcháireachta nó cuntasáíochta a dhéanamh lena chinntiú go bhfuil ráitis airgeadais agus neamhchosaintí BCE iomlán agus beacht. Beidh athbhreithnithe den sórt sin de fhreagracht ar an lucht bainistíochta agus ar na hiniúcháirí seachtracha.

Ina theannta sin, ní ghlacfaidh an Coiste Iniúcháireachta páirt i ngníomhaíochtaí a bhaineann le foirmlíú beartas airgeadaíochta ná maoirseacht ar institiúidí creidmheasa.

9. Cruinnithe

Tiocfaidh an Coiste Iniúcháireachta le chéile ceithre huairé sa bhliain. Is féidir leis an gCathaoirleach cruinnithe breise a thionól má éilítear sin sna cúinsí. Tá coinne leis go bhfreastalóidh comhaltaí coiste ar gach cruinniú ar an láthair.

Mar riail, tabharfar cuireadh do Stiúrthóir Iniúcháireachta Inmheánaí BCE freastal ar na cruinnithe.

Beidh córam sa Choiste Iniúcháireachta má bhíonn trí chúigiú dá chomhaltaí i láthair.

10. Athbhreithniú ar an sainordú seo agus féinmheasúnú

Déanfaidh an Coiste Iniúcháireachta athbhreithniú ar a shainordú uair amháin gach 3 bliana ar a laghad agus tuairisceoidh sé ina leith chuig an gComhairle Rialaithe. Sa chomhthéacs seo, déanfaidh an Coiste Iniúcháireachta féinmheasúnú ar a fheidhmíocht.

11. Foilsiú an tsainordaithe seo

Foilseofar sainordú an Choiste Iniúcháireachta ar shuíomh gréasáin BCE.